Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

## DRÉACHT DE FHODHLÍTHE (ARNA LEASÚ) 2024 MAIDIR LE TRÁCHT BÓTHAIR

## (TEORAINNEACHA LUAIS SPEISIALTA) (CONTAE DHÚN NA NGALL)

Tugtar fógra leis seo go bhfuil Comhairle Contae Dhún na nGall, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí atá dílsithe di faoi Alt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004, tar éis Dréacht-Fhodhlíthe Luasteorainneacha arna leasú 2024 a ullmhú do limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndiaidh di athbhreithniú ar luasteorainn ar fud an chontae a dhéanamh de réir na dtreoirlínte 2015 atá eisithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (agus leasúchán ina dhiadh sin) maidir le teorainneacha luais a chur i bhfeidhm in Éirinn.

i. Is é an cuspóir atá ag Dréacht-Fhodhlíthe Luasteorainneacha arna leasú 2024 ná chun luasteorainn níos oiriúnaí ar bhóithre áitiúla tuaithe, ar áiteanna áirithe ar bhóithre náisiúnta agus ar bóithre poiblí laistigh d'eastáit tithíochta áirithe a shocrú.

ii. Tá na Dréacht-Fhodhlíthe Luasteorainneacha arna leasú 2024 ar fáil lena scrúdú ar líne ag consult.donegal.ie nó le linn uaireanta oifige (Luan – Aoine ó 9.00am – 12.30pm agus ó 1.00pm – 5.00pm) ag Oifigí na Comhairle ag –

a) Ionad Seirbhísí Poiblí Charn Domhnach, An Príomhbhóthar, Carn Domhnach

b) Ionad Seirbhísí Poiblí Dhún na nGall, Droim Lonachair, Baile Dhún na nGall

c) Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T Blaney, Leitir Ceanainn

d) Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile na nGallóglach, Baile na nGallóglach

e) Oifig Rannóg na mBóithre ag an Ionad Fiontar An Base, Bóthar an Iarnróid, Srath an Urláir

f) Teach an Chontae, Leifear

g) Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath

le linn na tréimhse 30 lá ag toiseacht ar an dáta a chéadfhoilsítear an fógra seo, 1 Lúnasa 2024.

iii. Is féidir le haon duine agóidí a chur faoi bhráid na Comhairle ar líne ag consult.donegal.ie nó i bhfoirm scríofa chuig –

**Luasteorainneacha Speisialta maidir le Trácht Bóthair, Oifig Rúnaíochta an Chontae, Comhairle Contae Dhún na nGall, Leifear, Co. Dhún na nGall**

am ar bith i rith na tréimhse céanna ag toiseacht ar an dáta a chéad fhoilsítear an fógra seo ionas go bhfaighfear é ar nó roimh 30 lá Lúnasa. Cuirfidh an Chomhairle aon agóidí dá leithéid san áireamh.

**Bryan Cannon, Stiúrthóir Seirbhíse,**
**Bóithre agus Iompar.**

## DRAFT ROAD TRAFFIC (SPECIAL SPEED LIMITS)

## (COUNTY OF DONEGAL) (AMENDMENT) BYE LAWS 2024

Notice is hereby given that Donegal County Council, in exercise of the powers vested in it by Section 9 of the Road Traffic Act 2004 has prepared Draft Speed Limit Bye Laws Amendment 2024 for the administrative area of Donegal County Council following a countywide review of speed limits in accordance with the 2015 guidelines issued by the Department of Transport Tourism and Sport (and subsequent amendments) for the application of speed limits in Ireland.

i. The purpose for which the Draft Speed Limit Bye Laws Amendment 2024 are to be made is to provide for a more appropriate speed limit on rural local roads, certain national road locations and public roads within certain housing estates.

ii. The Draft Speed Limit Bye Laws Amendment 2024 is available for inspection online at consult.donegal.ie or during normal office hours (Mon - Fri from 9.00am - 12.30pm and from 1.00pm - 5.00pm) at the Council's Offices at –

a) Carndonagh Public Services Centre, Main Road, Carndonagh

b) Donegal Public Services Centre, Drumlonagher, Donegal Town

c) Letterkenny Public Services Centre, Neil T Blaney Road, Letterkenny

d) Milford Public Services Centre, Milford

e) Road Section Office at The Base Enterprise Centre, Railway Road, Stranorlar

f) County House, Lifford

g) Dungloe Public Services Centre, Gweedore Road, Dungloe

during the period of 30 days commencing on the date of first publication of this notice, 1st of August 2024.

iii. Any person may submit to the Council objections online at consult.donegal.ie or in writing addressed to -

**Road Traffic Special Speed Limits, The County Secretariat Office, Donegal County Council, Lifford, Co. Donegal**

at any time during the same period commencing on the date of first publication of this notice so as to be received no later than the **30th of August.** The Council will consider any such objections received.

**Bryan Cannon,**
**Director of Service,**
**Roads and Transportation.**